



**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0068(COD)**

**SOC 405
EMPL 232
ECOFIN 613
EDUC 190
JEUN 122
CODEC 1371
IA 128**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac ('An Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna') - <i>Tuarascáil ar dhul chun cinn</i>

I. RÉAMHRÁ

An 20 Márta 2024 ghlac an Coimisiún togra le haghaidh treoir maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le gnáthchaidreamh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac ('An Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna'). Is é is aidhm don Treoir atá beartaithe dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus cásanna ina n-úsáidtear tréimhsí oiliúna chun bréagriocht a chur ar chaidrimh fostaíochta rialta a chomhrac. Foilsíodh an togra mar phacáiste in éineacht le togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta treisithe le haghaidh Tréimhsí Oiliúna agus a chuirtear in ionad an Mholta ón gComhairle an 10 Márta 2014 maidir le Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna.

Ba dhíol sásaimh d'fhormhór mór na dtoscaireachtaí cuspóir an togra agus chuir siad in iúl go dtacaíonn siad le tionscnaimh lena ndírítear ar dhálaí oibre na n-oiliúnaithe a fheabhsú. Leag

na toscaireachtaí béim ar an ngá atá le roinnt mhaith ama chun measúnú a dhéanamh ar thionchar agus ar iarmhairtí na Treorach seo maidir le córais náisiúnta, agus dá bhrí sin, tá forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta – agus roinnt forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminteach – fós ag a lán toscaireachtaí maidir leis an togra.

Faoi Uachtaránacht na Beilge, tháinig an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta le chéile trí huair: an 9 Aibreán, an 22 Aibreán, agus an 27 Bealtaine 2024. Scrúdaigh an Mheitheal an togra airteagal i ndiaidh airteagail. Tá achoimre ar an dul chun cinn a rinneadh i Roinn II thíos.

Maidir leis an mbunús dlí atá beartaithe d’Airteagal 153(2)(b), i gcomhar le Airteagal 153(1)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá sé de cheangal ar an gComhairle gníomhú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach le Parlaimint na hEorpa.

Níor ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh go fóill.

II. OBAIR NA COMHAIRLE FAOI UACHTARÁNACHT NA BEILGE

Chuir an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta tús leis an scrúdú ar an Treoir atá beartaithe faoi Uachtaránacht na Beilge an 9 Aibreán 2024, trí seachtainí tar éis a fhoilsithe. Ar an ócáid sin, chuir an Coimisiún an togra le haghaidh Treorach i láthair agus bhí an deis ag na toscaireachtaí tuairimí de chineál ginearálta agus ceisteanna a thíolacadh.

Bhí Measúnú Tionchair ag gabháil leis an togra ón gCoimisiún lena gcumhdaítear freisin an Moladh ón gComhairle atá beartaithe. Chuir Uachtaránacht na Beilge ceistneoir maidir leis an measúnú tionchair chuig na toscaireachtaí an 4 Aibreán 2024. Thug aon Bhallstát is fiche freagra ar an gceistneoir. Rinneadh anailís agus plé críochnaitheach ar an measúnú tionchair i gcrúinniú den Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta an 22 Aibreán 2024. Tá an achoimre ar mheastóireacht agus ar fhreagairtí na mBallstát ar an Measúnú Tionchair le fáil in 10456/24.

Bhí cruinnithe na Meithle um Cheisteanna Sóisialta an 22 Aibreán agus an 27 Bealtaine 2024 dírithe ar an Treoir atá beartaithe a scrúdú agus a phlé, chun go mbeadh tuiscint níos fearr ann ar théacs an togra. Ar na hócáidí sin, d’ardaigh na toscaireachtaí a mbarúlacha agus a gceisteanna, ar thug an Coimisiún aghaidh orthu, go háirithe maidir le raon feidhme na Treorach atá beartaithe agus na sainmhínithe ar ‘tréimhse oiliúna’ agus ‘oiliúnaí’.

III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA A PLÉADH AR LEIBHÉAL NA MEITHLE

Raon feidhme

Tá amhras ar roinnt mhaith toscaireachtaí maidir le raon feidhme an togra, agus tá gá le soiléirithe maidir leis na cineálacha oiliúnaithe agus na cineálacha tréimhsí oiliúna a thagann faoi raon feidhme na Treorach atá beartaithe. Chuir an Coimisiún mínithe ar fáil chun an méid seo a leanas a shoiléiriú maidir le *Caibidil II: Cóir Chomhionann sa togra* agus *Caibidil IV: bheadh feidhm ag Forfheidhmiú agus bearta tacaíochta* maidir le hoiliúnaithe i gcaidreamh fostaíochta, agus i g*Caibidil III: chuirfeadh gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna* de cheangal ar na Ballstáit cásanna caidrimh fostaíochta rialta *de facto* i measc na n-oiliúnaithe uile a bhrath, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil caidreamh fostaíochta acu.

Fiú tar éis na mínithe a thug an Coimisiún, bhí na toscaireachtaí cáinteach i gcónaí i leith codanna den togra lena n-áirítear, laistigh dá raon feidhme, oiliúnaithe nach bhfuil caidreamh fostaíochta acu agus tréimhsí oiliúna atá éigeantach chun rochtain a fháil ar ghairmeacha áirithe nó atá mar chuid de churaclaim an oideachais fhoirmiúil agus na hoiliúna foirmiúla.

Sainmhínithe

Chuir formhór na dtoscaireachtaí béim ar an easpa comhsheasmhachta idir na sainmhínithe ar ‘oiliúnaí’ agus ‘tréimhse oiliúna’, ós rud é go n-éilítear leis an gcoincheap ‘oiliúnaí’ conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta a bheith ann, agus nach n-éilítear sin leis an sainmhíniú ar ‘tréimhse oiliúna’. Chuir an Coimisiún i bhfios go láidir go léiríonn an difríocht sa sainmhíniú raon feidhme agus dhá chuspóir na Treorach atá beartaithe.

Ina theannta sin, d’iarr roinnt toscaireachtaí tuilleadh soiléireachta chun go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir ‘tréimhse oiliúna’ agus ‘printíseacht’.

Measúnú ar ghnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna agus bearta forfheidhmiúcháin

Chuir roinnt toscaireachtaí a n-inní in iúl maidir le coimhdeacht agus cháin siad leibhéal na mionsonraí atá i bhforálacha Chaibidil III agus Chaibidil IV. Áitíonn siad gur cheart níos mó solúbthachta a bheith ag na húdarais náisiúnta maidir leis na forálacha forfheidhmiúcháin.

Anuas air sin, dá ndéanfaí gach cineál tréimhse oiliúna a mheasúnú, a rialú agus a iniúchadh,

bheadh méadú suntasach ar an ualach ar chigireachtaí saothair, rud atá ina ábhar inní do líon mór toscaireachtaí.

Ról na gcomhpháirtithe sóisialta

Leag roinnt toscaireachtaí béim ar a thábhachtaí atá sé éagsúlacht na gcóras náisiúnta a urramú, go háirithe ról agus inniúlachtaí na gcomhpháirtithe sóisialta i roinnt Ballstát. Is ábhar inní cothrománach é sin nach mór a chur san áireamh ar fud an téacs.

Nósanna imeachta thar ceann oiliúnaithe nó chun tacú leo

Bhí roinnt toscaireachtaí amhrasach faoin bhforáil atá beartaithe chun a chur ar chumas ionadaithe oibrithe ionadaíocht a dhéanamh ar oiliúnaithe agus cúnamh a thabhairt dóibh in imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin.

IV. CONCLUÍDÍ

D'éirigh le hUachtaránacht na Beilge grinnscrúdú a dhéanamh ar an Treoir atá beartaithe. Thug cruinnithe tiomnaithe na Meithle um Cheisteanna Sóisialta deis do na toscaireachtaí a mbarúlacha agus a gceisteanna maidir leis an togra a chur isteach, lena n-áirítear i scríbhinn. Ar na hócáidí sin, thug an Coimisiún tuilleadh mínithe agus soiléirithe maidir leis na saincheisteanna a tharraing na toscaireachtaí anuas. Chuir an plé go mór leis an gcomhthuiscint ar an togra.

Tá gá le tuilleadh oibre agus plé teicniúil chun an chéad léamh ar an togra a thabhairt chun críche.